C/2023/1571

18.12.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11271 — FS INVESTMENTS / KKR / WITTUR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1571)

1. An 11 Nollaig 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Franklin Square Holdings L.P. ('FS Investments', na Stáit Aontaithe),

— KKR & Co. Inc. ('KKR', na Stáit Aontaithe),

— Wittur International Holding GmbH ('Wittur', an Ghearmáin).

Gheobhaidh FS Investments agus KKR rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Wittur.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha is ea FS Investments, soláthraíonn sé réimse leathan aicme sócmhainní agus straitéisí, lena n-áirítear cothromas príobháideach, creidmheas, sócmhainní réadacha agus infheistíochtaí ilsócmhainní,

— Gnólacht infheistíochta domhanda is ea KKR, soláthraíonn sé seirbhísí bainistíochta sócmhainní malartacha mar aon le margaí caipitil agus réitigh árachais,

— Tá Wittur gníomhach sa mhargadh i ndáil le dearadh, forbairt, díol agus trádáil comhpháirteanna ardaitheoirí maidir le feidhmeanna cónaithe agus tráchtála, ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11271 — FS INVESTMENTS / KKR / WITTUR

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË